Achoimre ar Bhearta Caiteachais na Ranna

- **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €1,030m don bhliain 2015 do mhéadú €11m thar leithroinnt REV 2014 agus €25m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Bainfear úsáid as an €25m breise de mhaoiniú caiteachais reatha in 2015 chun tús a chur leis an mbabhta nua den Chlár Forbartha Tuaithe agus chun tacú le cláir eile.

- **An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €212m do mhéadú de €4m thar leithroinnt REV 2014 agus €7m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Bainfear úsáid as an maoiniú breise caiteachais reatha in 2015 chun tacú le seirbhísí atá ann cheana agus chun tionscnaimh a mhaoiniú a bhaineann le bunú an Stáit a chomóradh.

- **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €975m don bhliain 2015 do mhéadú €20m thar leithroinnt REV 2014 agus €37m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Bainfear úsáid as an maoiniú breise caiteachais reatha a chuirfear ar fáil in 2015 chun tacú le seachadadh seirbhísí atá ann cheana agus chun maoiniú a chur ar fáil don Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh atá nuabhunaithe.

- **An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €320m don bhliain 2015 do laghdú de €2m ar leithroinnt REV 2014 agus do mhéadú de €5m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Bainfear úsáid as an gcaiteachas reatha breise a chuirfear ar fáil in 2015, i gcoibhneas leis an teorainn a foilsíodh roimhe seo, chun tacú le seachadadh seirbhísí atá ann cheana ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

- **An Roinn Cosanta**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €885m don bhliain 2015 do laghdú de €5m i gcomparáid le leithroinnt REV 2014, ar aon dul leis an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Déanfar an laghdú de €5 mhilliún a sheachadadh trí theaglaim de choigiltis phá agus neamhphá.

- **An Roinn Oideachais & Scileanna**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €8,279m do mhéadú de €60m i gcomparáid le leithroinnt REV 2014 agus do mhéadú de €99m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Bainfear úsáid as an gcaiteachas reatha breise in 2015 go príomha chun maoiniú a sholáthar le haghaidh múinteoirí breise chun déileáil leis an mbrú déimeagrafach agus le haghaidh múinteoirí acmhainne agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta breise.

- **An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Aitiúil**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €579m do mhéadú de €122m thar leithroinnt REV 2014 agus €134m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Bainfear úsáid as an gcaiteachas reatha breise a chuirfear ar fáil in 2015 chun:
  - Tacú le seirbhísí méadaithe tithíochta agus le seirbhísí atá ann cheana a sheachadadh (€40m);
  - An Liúntas Cúnaimh Tithíochta a mhaoiniú (€23m); agus

- Costais a bhaineann le bunú Uisce Éireann a mhaoiniú (€71m).

- **An Grúpa Vótaí Airgeadais**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €432m don bhliain 2015 do laghdú de €1m i gcomparáid le leithroinnt REV 2014 agus do mhéadú de €7m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo.

  Bainfear úsáid as an gcaiteachas reatha breise a chuirfear ar fáil in 2015, i gcoibhneas leis an teorainn a foilsíodh roimhe seo, chun tacú le: seirbhísí ata ann cheana a sheachadadh; éilimh thuairiscithe breise in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, obair na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le BEPS, cothabháil a dhéanamh ar chórais bhainistithe na Cánach Maoine Áitiúla agus fiachais, agus le hiniúchtaí.

- **An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €679m don bhliain 2015 do laghdú de €7m i gcomparáid le leithroinnt REV 2014 agus do mhéadú de €4m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Bainfear úsáid as an gcaiteachas reatha breise a chuirfear ar fáil in 2015, i gcoibhneas leis an gcaiteachas reatha breise a foilsíodh roimhe seo, chun tacú le seachadadh seirbhísí atá ann cheana.

- **An Grúpa Sláinte**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €13,079m do mhéadú de €557m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo don bhliain 2015. Bainfear úsáid as an gcaiteachas reatha breise a chuirfear ar fáil in 2015, chun tacú le seachadadh seirbhísí atá ann cheana agus seachadadh an Chláir um Thionscnaimh Rialtais.

- **An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €335m don bhliain 2015 do laghdú de €4m i gcomparáid le leithroinnt REV 2014, ar aon dul leis an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Déanfar an laghdú de €4 mhilliún i gcoibhneas le leithroinnt REV 2014 a sheachadadh trí theaglaim de choigiltis phá agus neamhphá.

  An Grúpa Vótaí Dlí agus Cirt agus Comhionannais
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €2,156m do mhéadú de €35m thar leithroinnt REV 2014. Bainfear úsáid as an maoiniú breise seo chun infheistiú a dhéanamh sa Gharda Síochána agus comhlachtaí gaolmhara chun bunchloch a chur faoi clár athchóirithe dlí agus cirt an Rialtais, lena n-áirítear Údarás Póilíneachta Neamhspleách a bhunú agus ról agus cúram Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a neartú.

  Éascófar leis freisin na hathchóirithe leanúnacha ar an Cúirteanna a chur i ngníomh, an fheidhm inimirce ag Aerfort Átha Cliath a shibhialtachtú agus iad seo a leanas a bhunú:
  - Coimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus Comhionannas;
  - Na hUdaráis um Rialáil Carthanas agus um Sheirbhísí Dlí

  Déanfar freisin na leibhéil mhaoiniúcháin reatha a choimeád le haghaidh réimse seirbhísí riachtanacha san earnáil Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena n-áirítear costais oibríochta An Gharda Síochána agus Sheirbhísí na gCúirteanna agus na bPríosún.

  An Grúpa Vótaí Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €875m do mhéadú de €44m i gcomparáid le leithroinnt REV 2014 agus do mhéadú de €45m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo.

Bainfear úsáid as an gcaiteachas reatha breise a chuirfear ar fáil in 2015 chun socrú a dhéanamh maidir le brú a bhaineann le híocaíochtaí aoisliúntais, chun tacú le seachadadh seirbhísí atá ann cheana agus chun maoiniú a chur ar fáil le haghaidh tionscnaimh athchóirithe i réimsí na Seirbhísí Roinnte, an tsoláthair, na stocaireachta agus na Saorála Faisnéise.

- **An Roinn Coimirce Sóisialaí**
  Ceadófar leis an soláthar €19,406m de mhaoiniú reatha don Roinn Coimirce Sóisialaí:
  - Díbhinn um Theaghlach Oibre a thabhairt isteach;
  - Méadú de €1.30 ar an Liúntas Maireachtála Aonair;
  - €100 in aghaidh na bliana d'fhaighteoirí an Phacáiste Sochair Teaghlaigh chun costais billí uisce a fhritháireamh;
  - Méadú de €100 in aghaidh na bliana ar an liúntas breosla;
  - JobPath a bhunú; agus
  - Méadú de €5 ar an ráta míosúil Sochair Leanaí.

- **Roinn an Taoisigh (lena n-áirítear Oifigí Dlí)**
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €161m don bhliain 2015 do mhéadú de €15m i gcomparáid le leithroinnt REV 2014 agus do mhéadú de €16m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo.

  Bainfear úsáid as an gcaiteachas reatha breise a chuirfear ar fáil in 2015 chun maoiniú a chur ar fáil do na nithe seo a leanas:
  - Freagrachtaí breise sna réimsí Cosanta Sonraí, Gnóthaí Diaspóra agus Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta;
  - Maoiniú daonáirimh don Phríomh-Oifig Staidrimh; agus,
  - Leanúint de sheirbhísí atá ann cheana a sheachadadh.

  An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
  Freagraíonn an teorainn caiteachais reatha de €672m don bhliain 2015 do laghdú de €15m ar leithroinnt REV 2014 agus do mhéadú de €2m thar an teorainn caiteachais a foilsíodh roimhe seo. Déanfar an laghdú de €15 mhilliún a sheachadadh ó choigiltis ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Fáilte *Ireland*, *Tourism Ireland*, Seirbhísí Eitlíochta, Seirbhísí Bóthair, An Clár Muirí, Aerfoirt Réigiúnacha, agus ó éifeachtúlachtaí eile.